

SCÉIM TEANGA
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA
DHÚN DEALGAN 2018-2021

Faoi *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



DUNDALK INSTITUTE OF TECHNOLOGY
IRISH LANGUAGE SCHEME 2018-2021

Under Section 15 of the Official Languages Act
2003

Leagan: Gaeilge

Version: Irish Language

Scéim Teanga Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan 2018-2021

Clár na nÁbhar

Caibidil 1. Réamhrá agus Cúlra	
Brollach	3
Réamhrá agus Cúlra	4
1.1 Ullmhú na Scéime	
1.2 Ábhar na Scéime Teanga	5
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	
1.4 Forléargas ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD)	5-9
Caibidil 2. Gealltanais Seirbhísí a Sholáthar trí Ghaeilge	
2.1 Soláthar Faisnéise don Phobal	10
2.2 Tairiscint Ghníomhach Seirbhíse	
2.3 Pointe Céadteagmhála	11
2.4 Seirbhísí Dátheangacha "Duine le Duine"	
2.5 Foilseacháin na hInstitiúide	
2.6 Córais Ríomhaire	12
2.7 Suíomh Gréasáin	
2.8 Seirbhísí Idirghníomhacha	
2.9 Polasaí Maidir Le Cruinnithe Poiblí / Cuirteanna ó Scoileanna	13
2.10 Logainmneacha Gaeltachta	
Caibidil 3. Inniúlacht na hInstitiúide sa Ghaeilge a Fheabhsú	
3.1 Earcú agus Socrúcháin	14
3.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne	
3.3 Leasú Seirbhísí Tacaíochta	
3.4 Gaeilge a Chur Chun Cinn	15
Caibidil 4. Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	16
Caibidil 5. Poibliú na Scéime Aontaithe	17
AGUISÍN 1	
Scideal do Sholáthar Doiciméadachta agus Seirbhíse Dátheangáil	18-19

CAIBIDIL 1

BROLLACH

Is í seo an tríú scéim ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan faoi *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Bhí mar aidhm ag an gcéad agus an dara scéim an tAcht a shníomh i saol oibre laethúil ITDD.

Leis an tríú scéim seo, beimid in ann cur lenar baineadh amach sa dá scéim roimhe, chun a chinntiú gur féidir cloí le riachtanais an Achta, agus iad a chomhlíonadh, ar bhealach níos nádúrtha.

Chuir an Institiúid roimpi i gcónaí cloí le spiorad an Achta agus glacadh le cur chuige réamhghníomhach maidir le feidhmiú na scéimeanna a d'eascair as.

Léirítear cuspóir straitéiseach na hInstitiúide, i gcás chur i bhfeidhm na Scéime Teanga, i bPlean Straitéiseach ITDD 2017-2019, agus tá an Institiúid ag súil go mór le comhlíonadh rathúil a hoibleagáidí reachtúla sna blianta atá amach romhainn.

An tUachtarán

Michael Mulvey Ph.D

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Is í seo an tríú scéim teanga atá ullmhaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan de réir *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (ar a ghlaofar "an tAcht" amach anseo). Déanann *Alt 15* den Acht foráil d'ullmhú scéime reachtúla i measc chomhlachtaí poiblí a shonraíonn na seirbhísí atá ar fáil uathu:

- Trí mheán na Gaeilge,
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

chomh maith le beartais ar ghá glacadh leo chun a chinntiú go gcuirfí aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh d'achar aontaithe ama.

Cuireann an scéim seo leis an gcéad dá scéim san Institiúid, agus leis na nósanna agus na cleachtais a bhí i bhfeidhm san Institiúid, chomh maith le prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí.

1.1 ULLMHÚ NA SCÉIME

Déanann *Alt 12* den Acht foráil d'ullmhú treoirlínte ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus dá n-eisiú chuig comhlachtaí poiblí chun tacú leo dréacht-scéimeanna a ullmhú. Cuireadh an scéim seo le chéile ag smaoinemh ar na treoirlínte céanna, a foilsíodh sa bhliain 2004, agus i ndiaidh phróiseas suntasach comhairliúcháin le mic léinn, lucht foirne agus le geallsealbhóirí seachtracha. Foilsíodh fógra poiblí faoi *Alt 13* den Acht i mí Bealtaine 2017, ag lorg aighneachtaí maidir le hullmhú na tríú dréacht-scéime ag ITDD. Tá an scéim seo stiúrtha ag gach aighneacht a fuarthas agus ag dearcadh agus moltaí na ngeallsealbhóirí a bhí bainteach léi. Tá an Institiúid fíor-bhuíoch as an méid ama atá caite agus an oiread iarrachta atá déanta acu siúd a bhí páirteach sa phróiseas.

Leagann an scéim seo amach na spriocanna atá sonraithe ag ITDD féin don tréimhse trí bliana agus leagann sí béim ar réimsí tosaíochta. Beidh an Leasuachtarán Pleanála Straitéisí, Cumarsáide agus Forbartha, a thugann tuairisc go díreach d'Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

1.2 ÁBHAR NA SCÉIME TEANGA

Aithníonn an tríú scéim seo an dea-thoil atá ann i leith na Gaeilge in ITDD agus cuireann sí lena bhfuil bainte amach ar fud na heagraíochta ó cuireadh i bhfeidhm an chéad agus an dara scéim.

Baineadh amach formhór na ngealltanas luaite sa chéad agus dara scéim agus tá dul chun cinn suntasach déanta i gcás na ngealltanas eile. Leasaíodh na seirbhísí dátheangacha ar fud na hInstitiúide. Sin ráite, aithníonn an Institiúid an tábhacht a ghabhann le leathnú agus leasú na seirbhísí dátheangacha nuair is cuí.

Dá réir sin, cuspóir na tríú scéime seo ná leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na ngealltanas seo agus leasú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhíse thar tréimhse na scéime (2018-2021).

1.3 DÁTA TOSAITHE NA SCÉIME

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le héifeacht ón 23 Feabhra 2018. Fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhníonn an tAire scéim nua de bhun *Alt 15* den Acht, cibé ceann acu is déanaí.

1.4 FORLÉARGAS AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHT DHÚN DEALGAN

1.4.1 Próifíl na hInstitiúide

Is mór-sholáthraí ardoideachais í Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i réigiún Oirthuaiscirt Éireann, a dhíríonn go príomha ar na Contaetha Dún, Ard Mhacha, an Chabháin, Muineacháin, an Mhí, an Lú a chuimsíonn conair Bhéal Feirste – Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin, meallann ITDD mic léinn ó Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus réigiún cathrach Bhéal Feirste chomh maith le mic léinn ó fud fad na tíre. Bunaíodh Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i 1970 chun tacaíocht níos dinimiciúla agus nuálaíoch san ardoideachas, agus chun leathnú eacnamaíoch uailmhianach agus breis rochtana a sholáthar. Tá sí tagtha chun cinn ó shin i leith mar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is mó in Éirinn lena cláir nuálaíochta, a teagasc den scoth, a cuid tacaíochta d'fhiontair nua, a rannpháirtíocht i gcúrsaí pobail, agus lena fionnachtana nua taighde. Suite ar champas úrscothach 90 acra, is Institiúid Tríú Leibhéal í ITDD le breis is 5,000 mac léinn, a bhronann céimeanna dá cuid féin suas go leibhéal 9 (Céimeanna Máistir) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuireann sí svúit chuimseathach de chláir printíseachta ar fáil freisin. Déanann ITDD maoirsiú ar thaighde ag leibhéal Máistreachta agus Ph.D le cóhort de níos mó ná 60 taighdeoir.

Tá ITDD ar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is fearr in Éirinn ó thaobh taighde de, agus díríonn sí ar na réimsí taighde seo a leanas:

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide:

Ionad Taighde Bogearraí Rialaithe.
Feidhm: Creat a fhorbairt chun feidhmiú bhogearraí a oiriúnú d'earnáil idirnáisiúnta na bhfearas leighis.

Sláinte:

Ionad Taighde ar Mhatáin Mhíne (SMRC).

Feidhm: Déanann an tIonad Taighde ar Mhatáin Mhíne iniúchadh ar rialú matáin neamhdheonacha a rialíonn feidhmeanna coirp amhail srianadh aerbhealaí (agus dá bhrí sin éascacht análaithe), rialú lamhnáin, agus brú fola.

Fuinneamh:

Ionad um Fhuinneamh In-athnuaite.

Feidhm: Ag cuidiú le trasdul Éirinn go geilleagar atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite.

Comhshaol:

Ionad um Staidéar Fionnuisce agus Comhshaoil.

Feidhm: I mbun taighde il- agus idir-dhisclipíneach um bhainistiú locha agus dobharcheantair; I mbun taighde um bhainistiú acmhainní orgánacha agus uisce agus pobail.

Aosú:

Ionad Netwell/CASALA.

Feidhm: Bearta nua a fhorbairt a chuireann feabhas ar chaighdeán beatha agus folláine dhaoine aosta agus iad siúd a thugann aire dóibh.

Na hEalaíona Cruthaitheacha:

Ionad um Thaighde Ealaíona Cruthaitheach agus an tIonad um Thaighde Ceoil.

Feidhm: I mbun tiaghde ar Cheoleolaíocht agus Eitnicheoleolaíocht, Cultúr, Pobal agus Sochaí, agus Cleachtas Cruthaitheach

1.4.2 Féiniúlacht ITDD***Misean***

Cuireann ITDD ardoideachas ar fáil atá dírithe ar an bhfoghlaim, a fhreastalaíonn ar riachtanais an fhoghlaimeora agus a chuireann ar chumas lucht a foirne ardchaighdeán foghlama agus teagaisc, taighde agus teagmhála a sholáthar chun tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin agus i gcoitinne.

Fís

Go mbeadh ITDD ar an rogha Institiúid Ardoideachais ag foghlaimeoirí, fostóirí agus ag pobal réigiún an Oirthuaiscirt.

Luachanna

Foghlaim agus Gnóthachtáil Dírithe ar an bhFoghlaim: Tá rath acadúil agus pearsanta na bhfoghlaimeoirí ag croílár an uile ghnímh san Institiúid. Creideann ITDD go láidir i gcumasú an fhoghlaimeora aonair agus an deis a thabhairt do gach uile foghlaimeoir foghlaim, rath a bhaint amach agus lán a gcumais a shroicheadh go hacadúil, sa láthair oibre agus sa phobal.

Cuimsitheacht agus Inrochtaineacht: Tá ITDD tiomanta don ardoideachas a dhéanamh inrochtana do gach foghlaimeoir agus do sheirbhísí oideachais agus tacaíochta a sholáthar a chuirfidh ar chumas na bhfoghlaimeoirí a spriocanna oideachais féin a bhaint amach. Tabharfar tacaíocht don tslua mhór foghlaimeoirí trí chomh-dheiseanna rochtana agus trí sholáthar seirbhísí oideachais agus tacaíochta deartha chun forbairt foghlama agus phearsanta a leasú.

Barr Feabhais sa bhFoghlaim, Teagasc agus Taighde: Tá an Institiúid tiomanta do bharr feabhais sa bhfoghlaim, teagasc agus sa taighde agus tabharfaidh sí tacaíocht ghníomhach don fhoireann chun uas-sciliú, a spriocanna pearsanta a bhaint amach agus leanúint ar aghaidh ag oibriú ag na leibhéil ghairme is airde.

Cur le Forbairt Phobail agus Eacanamíoch: Tá an Institiúid tiomanta do fhreastal ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha an phobail agus an réigiúin agus tá sí tacaíthe sa mhéid sin ag comhpháirtíochtaí agus comhaontais straitéiseacha ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Caighdeán na Láithreach Oibre: Tuigtear luach gach ball i bpobal na hInstitiúide. Cothaíonn an Institiúid meas, iontaoibh agus tacaíocht i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí trí chomh-rialachas agus laistigh de thimpeallacht bhríomhar foghlama.

Cuntasacht: Gabhann an Institiúid uirthi féin bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní daonna agus airgeadais a chinntiú chun iontaoibh an phobail a choimeád agus chun todhchaí inbhuanaithe a dheimhniú le freagracht airgeadais soiléir.

Tiomanta don Todhchaí: Cinntítear measúnú leanúnach ar spriocanna chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reatha agus chun ullmhú do dhúshlán na todhchaí.

1.4.3 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara

Is iad na mic léinn príomh-pháirtithe leasmhara na hInstitiúide, agus tá dualgas cúraim ar leith ag an Institiúid dóibh. Bíonn sí i dteagmháil chomh maith le hInstitiúidí agus

gníomhaireachtaí oideachais eile, agus leis an bpobal i gcoitinne. Seo a leanas an liosta de phríomh-chliaint agus príomh-chustaiméirí na hInstitiúide:

Ranna Rialtais

An Phríomh-Oifig Staidrimh

An Pobal:

Tuismitheoirí

Scoileanna

Pearsanra Gairmthreorach

Comhphobail

Lucht na hEarnála

Iarchéimithe

Comhlachtaí eile:

Comhairlí Uirbeacha agus Contae

Comhlachas Tráchtála

Comhairle Lucht Trádála

Turasóireacht Éireann

Fiontraíocht Éireann

Eagraíochtaí Oideachais Eile

Beidh gealltanais na gcaighdeán seirbhíse do chustaiméirí ag ITDD maidir le soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí i bhfeidhm ar na seirbhísí sin, cuma más i nGaeilge nó i mBéarla go dtugtar an tseirbhís.

1.4.4 Struchtúir na hInstitiúide

Rialachas

Is é atá mar phríomh-fheidhm ag an **mBord Rialaithe** ná gnóthaí na hInstitiúide a bhainistiú agus a rialú. Is é an **tUachtarán** a rialaíonn agus a stiúirann gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus atá freagrach as a mbainistiú éifeachtach agus cuí. An príomh-chuspóir atá ag an **bhFoireann Ceannasaíochta** ná tacú leis an Uachtarán polasaithe na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus mairseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na pleanála straitéisí san Institiúid.

Comhairle Acadúil

Tugann an Chomhairle Acadúil tacaíocht don Bhord Rialaithe agus iad ag pleanáil, ag comhordú, ag forbairt agus ag mairsiú obair oideachais na hInstitiúide agus déanann siad caighdeán acadúil chúrsaí agus ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chosaint, a chothú agus a forbairt.

Scoileanna agus Ranna Acadúla

Tá an Institiúid roinnte ina ceithre scoil acadúil le hIonad Foghlama ar Feadh an tSaoil, a chuireann seirbhísí oideachais ar fáil, ag leibhéal fochéime agus iarchéime. Tá ranna agus rannóga éagsúla i ngach scoil, mar a léirítear anseo thíos:

Scoil	Roinn/Rannóg
Scoil an Ghnó & na nDaonnachtaí	Roinn an Staidéir Ghnó Roinn na nDaonnachtaí An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais An Roinn Staidéar Fáilteachais
Scoil na hInnealtóireachta	Roinn na hInnealtóireachta Leictroiní & Meicniúla Roinn na Timpeallachta Tógtha Roinn na gCeirdeanna Innealtóireachta
Scoil na Sláinte & na hEolaíochta	Roinn na nEolaíochtaí Feidhmeacha An Roinn Altranais, Cnáimhseachais & Staidéar Sláinte Rannóg an Chnáimhseachais
Scoil na Faisnéisíochta & na nEalaíon Cruthaitheach	Roinn na Ríomhaireachta Físe agus Duine-Dhírithe Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Matamaitice. Roinn na nEalaíon Cruthaitheach, na Meán agus an Cheoil
Ionad Foghlama ar Feadh an tSaoil	Ionad Foghlama ar Feadh an tSaoil

CAIBIDIL 2

GEALLTANAIS CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR TRÍ GHAELGE

FORBHREATHNÚ

Tá an Institiúid tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus/nó go dátheangach dár gcustaiméirí. Iad seo a leanas tosaíochtaí na scéime seo:

- Leasú breise a dhéanamh ar chumas na hInstitiúide seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- Feasacht faoin scéim seo a mhéadú i measc na foirne.
- Leanúint leis an bhforbairt ar chóras foirmiúil le monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí agus úsáid na Gaeilge trí shuirbhé uile-Institiúide a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chórais do agus le mic léinn trí dhoiciméadacht dátheangach agus seirbhísí teoranta duine-le-duine i réimsí sainithe.
- Inniúlacht foirne sa Ghaeilge a leasú trí oiliúint agus forbairt foirne a chur ar fáil.

Leagann an caibidil seo amach na gealltanais nua agus leantacha maidir le soláthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí institiúide ginearálta sa Ghaeilge agus/nó go dátheangach dár gcustaiméirí uile.

GEALLTANAIS NUA AGUS LEANTACHA

2.1 SOLÁTHAR FAISNÉISE DON PHOBAL

Ó bunaíodh an chéad scéim ag ITDD faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá méadú mór tagtha ar líon na gcumarsáidí a déantar go dátheangach. Ullmhaíodh an doiciméadacht Institiúide riachtanach i bhformáid dhátheangach agus tá an Institiúid tiomanta do leasú breise a dhéanamh ar sholáthar litearthachta agus cumarsáide Gaeilge i rith tréimhse na scéime seo agus scéimeanna eile ina dhiaidh seo nuair is cuí, sna réimsí seo a leanas:

- Bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga faisnéise (mar a léirítear in Aguisín 1)
- Foilseacháin (féach 2.5)
- Preasráitis – cuirfear 25% acu seo ar fáil go dátheangach ón tús más sna meáin náisiúnta a fhoilseofar iad. Foilseofar leaganacha dátheangacha d'ailt ábhartha ar shuíomh gréasáin ITDD.

2.2 TAIRISCINT GHNÍOMHACH SEIRBHÍSE

Glacfaidh ITDD gach deis ina cuid caidreamh laethúil lena custaiméirí na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, agus is féidir sin a dhéanamh trí:

- É a rá go díreach le custaiméirí mar gheall ar an rogha atá acu déileáil leis an Institiúid trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur suas i láithreacha fáilte a

léireodh go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus tríd an méid sin a lua ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

- Nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí a luafadh go gcuireann an Institiúid seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus, dá réir, go gcuireann sí fáilte rompu siúd ar mhian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, de réir gealltanais na scéime aontaithe.

2.3 POINTE CÉADTEAGMHÁLA

Is iad na rúnaithe/hoibrítheoirí lasc-chláir na pointí céadteagmhála leis an bpobal. Beidh sé fós mar pholasaí ag an Institiúid a chinntiú go mbíonn na cleachtais Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC - QCS) i bhfeidhm sa réimse seo, mar a léiríonn seo a leanas:

- Cuirfear ar chumas na rúnaithe beannachtaí bunúsacha a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Leanfaidh an córas uathoibríthe ag tabhairt ainm na hInstitiúide agus roghanna roghchláir trí Ghaeilge.
- Cuirfear socruithe eile i bhfeidhm chun daoine ón bpobal a chur i dteagmháil, ar bhealach tráthúil, leis an oifig nó oifigeach atá in ann an tseirbhís atá uathu a chur ar fáil trí Ghaeilge, mar atá liostaithe san oifig fáilte agus ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

2.4 SEIRBHÍSÍ DÁT HEANGACHA "DUINE LE DUINE"

Tá Oifigeach Gaeilge dá cuid féin ag an Institiúid a thabharfaidh an deis dóibh siúd ar mhian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sin a dhéanamh ar bhealach tráthúil.

2.5 FOILSEACHÁIN INSTITIÚIDE

Cuirfear foilseacháin Institiúide ar fáil go dátheangach faoin gclúdach céanna nuair is cuí, seachas nuair nach bhfuil seo indéanta toisc méid, leagan amach nó nádúir an doiciméid. Aon uair go mbíonn na bróisiúir, foirmeacha iarratais nó na bileoga faisnéise seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide, cuirfear leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla.

- a) Cuirfear sainchuntais phoist amach fós i nGaeilge agus i mBéarla faoi mar a éilíonn an tAcht, seachas i gcás post áirithe idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a sheachfhoinsiú go gníomhaireachtaí tríú páirtí.
- b) Leanfar le foilsiú tuairiscí comhairleora agus doiciméid thiomnaithe theicniúla sa teanga inar foilsíodh iad ar dtús.
- c) Beidh na clúdaigh agus gach ceannteideal sa Réamheolaire (Prospectus), chomh maith le Fáilte an Uachtaráin agus Fáilte na Leabharlainne, ar fáil go dátheangach fós.

- d) Beidh clúdaigh Lámhleabhar na Mac Léinn, chomh maith le Fáilte an Uachtaráin agus leathanaigh na Féilire, Dialainne agus Uimhreacha Úsáideacha Teileafóin, ar fáil go dátheangach fós.
- e) Foilseofar an Lámhleabhar Bronnta Céime go dátheangach ina iomláine, ach amháin ainmneacha na ndaoine.
- f) Cinntíonn an Institiúid go gcuirfear foirmeacha iarratais agus bileoga faisnéise, nuair atá leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith ann, ar taispeáint leis an tsuntasacht chéanna don dá leagan ag gach suíomh poiblí agus go mbeidh teacht chomh héasca céanna ar an leagan Gaeilge is atá ar an leagan Béarla.
- g) Cuirfear custaiméirí ar an eolas go réamhghníomhach mar gheall ar an leagan Gaeilge trí fógra oiriúnach a chur ar taispeáint ar an leagan Béarla den doiciméad agus/nó trí aon bhealach eile a mheasann an Institiúid atá oiriúnach.
- h) Beidh na bróisiúir atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta i mBéarla amháin.
- i) Beidh cuirí go hócáidí oifigiúla amhail ceolchoirmeacha, laethanta oscailte, searmanais bhronnta, agus oscailtí oifigiúla foirgneamh dátheangach, más leictreonach nó i gcóip chrua atá siad.
- j) Beidh cártaí mac léinn agus cártaí gnó ar fáil go dátheangach fós.

2.6 CÓRAIS RÍOMHAIRE

Tá ríomh-chórais áirithe ar nós *Core*, *Agresso*, *Banner*, *Millennium* agus *VLE* á n-óstáil agus á gcothabháil ag soláthraithe tríú páirtí agus, dá bharr sin, ní féidir a chinntiú go dtacófaí le seirbhísí Gaeilge mar go luíonn sé lasmuigh de scóip na hInstitiúide.

2.7 SUÍOMH GRÉASÁIN

Beidh tairseach tiomnaithe Gaeilge bunaithe agus inrochtana tríd an príomh-shuíomh gréasáin nuair a thagann an suíomh nua ar líne sa bhliain 2019. Is é an tOifigeach Gaeilge a bheidh á bhainistiú seo agus taispeánfar nasc ag barr an phríomh-shuímh in aice leis an mÍr Mic Léinn agus Foireann Reatha. Beidh sé éasca ar phobal na Gaeilge teacht ar an tairseach seo.

2.8 SEIRBHÍSÍ IDIRGHNÍOMHACHA

Tá líon teoranta seirbhísí idirghníomhacha á reáchtáil ag an Institiúid faoi láthair, lena n-áirítear clárú mac léinn ar líne do chlár lánaimseartha, agus ríomh-iarratais d'fhólúntais phoist. Tá na seirbhísí seo á n-óstáil agus á gcothabháil ag soláthraithe tríú páirtí agus, dá bharr, níl mórán scóip ag an Institiúid iad a leasú.

Cuirtear sainchuntais phoist ar fáil go dátheangach faoi mar a éilíonn an tAcht, agus is féidir teacht orthu trí na naisc áirithe a úsáid atá le feiceáil ar mhír ríomh-earcaíochta shuíomh gréasáin na hInstitiúide ag www.dkit.ie/human-resources/vacancies.

2.9 POLASAÍ MAIDIR LE CRUINNITHE POIBLÍ / CUAIRTEANNA Ó SCOILEANNA

Ní bhíonn cruinnithe poiblí ag an Institiúid i gceantair Ghaeltachta agus reáchtáiltear gach ceann dá cruinnithe poiblí i mBéarla. Sa chás go mbíonn cruinnithe ag an Institiúid i nGaelscoileanna agus i nGaeltacht Ráth Chairn, áfach, déanfar trí Ghaeilge iad, e.g. míniú a thabhairt ar na cúrsaí atá ar fáil in ITDD etc. Leanfaidh sí uirthi chomh maith ag úsáid Gaeilge i ngach comhfhreagras leis na scoileanna seo.

2.10 LOGAINMNEACHA GAELTACHTA

Úsáidfear Logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta (faoi mar atá fógartha ag an Aire in Ord na Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004) san Institiúid ar bhonn oifigiúil.

CAIBIDIL 3

INNIÚLACHT NA hINSTITIÚIDE SA GHAEILGE A FHEABHSÚ

3.1 EARCÚ AGUS SOCRÚCHÁIN

Ní mór a thuiscint go bhfuil an Institiúid faoi cheangal na rialachán leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le gnáis roghnúcháin.

Sin ráite, thar tréimhse na scéime seo agus na scéimeanna a thiocfaidh ina diaidh, cinnteoidh an Roinn Acmhainní Daonna (faoi réir chreat gnáis earcaíochta náisiúnta aontaithe) go bhfuil líon imleor foirne i réimsí ábhartha inniúil ar an nGaeilge. Áirithe anseo bheadh oiliúint agus ath-mlonnú chun tacú le pé earcaíocht a cheaptar a bheith riachtanach agus nuair is cuí.

Cuirfidh polasaí earcaíochta na hInstitiúide san áireamh na scileanna Gaeilge is gá san Oifig Fáilte agus sa Leabharlann. Déanfar athbhreithniú ar fhógraí agus ar shainchuntais phoist faoi mar a thagann siad amach chun béim a chur ar inniúlacht sa Ghaeilge, más bua buntáisteach é, nuair is cuí.

Chun feacht ar an nGaeilge a mhéadú, leanfaimid orainn ag cur an ábhair seo chun cinn inár gcúrsaí Oiliúna Ionduchtaithe chun an fhoireann a chur ar an eolas mar gheall ar chuspóirí Acht na dTeangacha Oifigiúla, conas mar a chuirtear i bhfeidhm é san Institiúid agus na himpleachtaí a ghabhann leis don eagraíocht.

3.2 OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Tá tiomantas leantach ag an Institiúid d'oiliúint chuif a chur ar fáil dá cuid foirne agus do thacú le forbairt foirne. Spreagfaimid forbairt scileanna teanga chun ár gcuid inniúlachta a fheabhsú le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tá scileanna Gaeilge ag roinnt ball foirne san Institiúid ag bunleibhéal, meánleibhéal agus ardleibhéal cheana féin agus tá sé mar aidhm againn cur leis na scileanna seo. I measc na mbeartas a bheidh in úsáid ag an Roinn Acmhainní Daonna i gcomhar le hOifig na Gaeilge agus Roinn na nDaonnachtaí, beidh:

- Suirbhé ar lucht na foirne maidir le leibhéal scile sa Ghaeilge agus an fonn atá orthu feabhas a chur ar na scileanna céanna.
- Lucht foirne agus mic léinn a chur ar an eolas maidir le ranganna Gaeilge atá ar fáil sa réigiún.
- Ranganna Gaeilge a chur ar fáil go himmheánach nuair atá sé indéanta, ag brath ar éileamh.
- Tacú le lucht foirne a bheadh ag iarraidh a gcuid Gaeilge a fheabhsú le dhá rang tiomnaithe mar chuid den Phlean Oiliúna agus Forbartha Foirne.

3.3 LEASÚ SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Mar a bhí sa dara scéim ag an Institiúid, tá leasú na seirbhísí tacaíochta Gaeilge mar thosaíocht againn. Cuireadh liosta de na baill foirne a bheadh toilteanach seirbhís a sholáthar as Gaeilge ar fáil don Oifig Fáilte agus tá sé suite chomh maith ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Tá sé i gceist againn tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar inniúlacht Ghaeilge na

foirne trí oiliúint, forbairt foirne agus tríd an earcaíocht, faoi mar atá sonraithe i 3.1 agus 3.2 thuas.

Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge ag déanamh aistriúcháin agus d'fheadfadh go gcuirfí na haistriúcháin amach ar conradh, más gá.

Beidh an leabharlann fós mar stór d'acmhainní foghlama Gaeilge don fhoireann agus do mhic léinn e.g. leabhair, CDanna, DVDanna Gaeilge etc. Tá an leabharlann tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní Gaeilge seo ar bhonn leanúnach.

3.4 GAEILGE A CHUR CHUN CINN

Tá an Institiúid tiomanta go hiomlán do chur chun cinn agus d'fhorbairt na Gaeilge ar an gcampas. Léirítear seo sa Phlean Straitéiseach reatha agus léireofar i bPleananna Straitéiseacha eile amach anseo é chomh maith.

Nuair a ceapadh Oifigeach Gaeilge páirtaimseartha, léiríodh an tiomantas suntasach airgeadais agus siombalach atá ag ITDD don Ghaeilge. Leanfar leis an dtiomantas seo i rith na tríú scéime.

I rith óráidí ag ócáidí poiblí a bheidh ar siúl san Institiúid, beidh Gaeilge le cloisteáil ag tús roinnt de na ráitis, ar mhaith le híomhá agus timpeallacht dhearfach dhátheangach a léiriú.

Leagfaidh an Oifig Ghairmeacha béim fós ar na deiseanna atá ar fáil dóibh siúd le hinniúlacht ar Ghaeilge, ní hamháin ó thaobh fostaíochta de ach sa bhreisoideachas chomh maith.

Mar gur teanga bheo í Gaeilge, tá sé ríthábhachtach í a chuimsiú i saol an champais. Dá réir sin, eagrófar roinnt imeachtaí sóisialta chun seo a chothú. Ina measc, déanfar:

- Imeachtaí a reáchtáil i rith Seachtain na Gaeilge gach bliain.
- Imeachtaí sóisialta don fhoireann agus do mhic léinn a chur ar bun, lena n-áirítear Ciorcal Comhrá, chomh maith le himeachtaí sóisialta eile chun timpeallacht dhearfach a chruthú inar féidir comhrá a dhéanamh go héasca.
- Mic léinn a spreagadh le cumainn don Ghaeilge a bhunú, nó "Cumann Gaelach". Mar gur gá go mbeadh na mic léinn á stiúradh seo, rachaidh an Institiúid i dteagmháil le hAontas na Mac Léinn mar gheall air.
- Molfaidh agus éascóidh an Institiúid rannpháirtíocht as Gaeilge in imeachtaí a bheidh ar siúl i scoileanna (e.g. Scifest etc.).

I rith tréimhse na dara scéime ag ITDD, úsáideadh sraith leathanach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide chun lucht foirne agus mic léinn a choimeád ar an eolas maidir le cúrsaí Gaeilge, agus san áireamh sna hábhair chéanna bhí acmhainní foghlama, seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge in ITDD, imeachtaí agus faisnéis mar gheall ar chearta/dualgais teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Os rud é go bhfuil dearadh iomlán nua á dhéanamh ar an suíomh, tá sé níos oiriúnaí go n-úsáidfí tairseach faisnéise tiomnaithe chun an t-eolas seo a chur ar fáil (feach 2.7). Is é an tOifigeach Gaeilge a bheidh i bhfeighil an eolais seo agus d'fheadfadh go gcuirfí leis nuair a/má bhunaítear Cumann Gaelach san Institiúid.

CAIBIDIL 4

CUR I bhFEIDHM & MONATÓIREACTH

Is í an Leasuachtarán Pleanála Straitéisí, Cumarsáide agus Forbartha a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na scéime seo. Tabharfaidh an tOifigeach Gaeilge cúnamh don Leasuachtarán an méid sin a bhaint amach. Déanann an Leasuachtarán tuairisciú go díreach don Uachtarán.

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn agus déanfar é a thuairisciú go bliantúil don Bhord Rialaithe, agus i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide.

CAIBIDIL 5

POIBLIÚ NA SCÉIME AONTAITHE

Déanfar ábhair na scéime agus na gealltanais agus na forálacha cuimsithe ann a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne sna slí seo a leanas:-

- Preasráitis
- Seoladh Oifigiúil
- Fógairt forálacha
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí
- Suíomh gréasáin

Thairis sin, cuirfear na beartais sonraithe i gCaibidil 2, Mír 2.2 i bhfeidhm (*Tairiscint Ghníomhach Seirbhíse*).

Scaipfear an scéim go hinmheánach ar gach ball foirne is mac léinn san Institiúid trí mheán ríomhphost, le nóta ón Uachtarán, agus seolfar cóip den scéim aontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

AGUISÍN 1

Scideal do Sholáthar Doiciméadachta agus Seirbhíse Dáttheangaí

Liostálann an tábla seo a leanas an doiciméadacht dháttheangach (lena n-áirítear Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais agus Bileoga Faisnéise) a chuirfear ar fáil i rith na tríú scéime. Tarlóidh seo anuas ar na hábhair a cuireadh ar fáil sa chéad agus sa dara scéim, a bheidh ar fáil fós.

Aonad	Dara Scéim	Tríú Scéim
Oifig an Uachtaráin	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cuirí ▪ Réamhrá ▪ Óráidí/Cainteanna Réamhléirithe 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cuirí (leanúnach) ▪ Réamhrá (leanúnach) ▪ Óráidí/Cainteanna Réamhléirithe (leanúnach)
Leasuachtarán Pleanála Straitéisí, Cumarsáide agus Forbartha	N/B	<ul style="list-style-type: none"> ▪ 3ú Scéim Teanga ▪ Plean Straitéiseach ▪ Cuirí (leanúnach) ▪ Réamheolaire/Prospectus ▪ Preasráitis ▪ Ailt Roghnaithe
Acmhainní Daonna	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Foirm Údaraithe d'Obair Sheachtrach ▪ Foirm Scoir Fostaithe ▪ Foirm Údaraithe Poist ▪ Foirm Luathscoir Fostaithe ▪ Foirm Éilimh do Bhaill an Phainéil Agallaimh ▪ Dearbhú Pinsean Seirbhíse Poiblí 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Doiciméid Pholasaí do Shaoráil Faisnéise ▪ Sainchuntais Phoist
Leabharlann	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Foirm Iarratais do Bhallraíocht Sheachtrach ▪ Foirm Iarratais do Bhaill Foirne ITDD ▪ Bileog "Tell Us What You Think" / "Inis Dúinn Cad a Cheapann Tú" ▪ Bileog "Cárta Amháin, 6 Leabharlann" 1 Card 6 Libraries" 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ciorcal Comhrá
Ionad Forbartha Réigiúnach	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Fillteán Faisnéise RDC, clúdach istigh ▪ Fillteán Forléargais RDC, iatán 	

Aonad	Dara Scéim	Tríú Scéim
Cláraitheoirí/Scoileanna	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Clúdaigh bróisiúr do thaispeántais phoiblí agus taispeántais mhac léinn</i> ▪ <i>Bileog Clúdaigh do Mheasúnú Leanúnach</i> ▪ <i>Foirm Iarratais don BA (Onóracha) sa Cheol Feidhmeach</i> 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Clúdaigh bróisiúr do thaispeántais phoiblí agus taispeántais mhac léinn (leanúnach)</i> ▪ <i>Lámhleabhar Mac Léinn</i> ▪ <i>Lámhleabhar Bronnta Céime</i>
Airgeadas	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Foirm Sonraí Soláthraithe Agresso</i> 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Tuarascáil Bhliantúil</i>
Scoil na Faisnéisíochta & na nEalaíon Cruthaitheach	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Cuirí</i> ▪ <i>Imeachtaí Roghnaithe</i> 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Cuirí (leanúnach)</i> ▪ <i>Imeachtaí Roghnaithe (leanúnach)</i>
Seirbhísí IT	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Sínithe ríomhphost bhaill foirne</i> 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ <i>Sínithe ríomhphost bhaill foirne (leanúnach)</i> ▪ <i>Soláthar agus Cothabháil Tairsí Faisnéise</i>